Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**10678/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0156(NLE)**

**ECOFIN 833**
**UEM 274**
**FIN 908**
***EIB***
***ECB***

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 28 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Liotuáine |

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 28 Iúil 2021**
**maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Liotuáine**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

---

1 IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I ndiaidh don Liotuáin an plean téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta a chur isteach an 14 Bealtaine 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. An 28 Iúil 2021, d'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin cinneadh cur chun feidhme[2] ('Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021'). Leasaíodh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 le Cinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 9 Samhain 2023[3], an 8 Deireadh Fómhair 2024[4], an 20 Meitheamh 2025[5] agus an 17 Feabhra 2026[6].

(2) An 31 Bealtaine 2026, rinne an Liotuáin iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún togra a dhéanamh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh i ngeall ar imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe curtha isteach ag an Liotuáin.

***Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241***

(3) Na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an Liotuáin isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le 29 mbeart nó fobheart.

---

[2] Féach doiciméid ST 10477/21 INIT agus ST 10477/21 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.
[3] Féach doiciméid ST 14637/23, ST 14637/23 COR 1 agus ST 14637/23 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.
[4] Féach doiciméid ST 13498/24 INIT agus ST 13498/24 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.
[5] Féach doiciméid ST 9588/25, ST 9588/25 ADD 1 agus ST 9588/25 ADD 1 COR ag http://register.consilium.europa.eu.
[6] Féach doiciméid ST 5756/26 INIT agus ST 5756/26 ADD 1 REV 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

(4) Mhínigh an Liotuáin go bhfuil naoi mbeart nó fobheart nach féidir a bhaint amach ina n-iomláine a thuilleadh, de dheasca srianta ar an slabhra soláthair agus deacrachtaí teicniúla gan choinne. Baineann sé sin le bearta agus fobhearta A.1.3.2 (Lárionaid um braisle galar tógálach a nuachóiriú), B.1.2.1 (Tacaíocht do sheachadadh feithiclí glana agus don tsoghluaisteacht inbhuanaithe)), B.1.2.3 (Bonneagar athluchtaithe feithiclí/líonta breosla mhalartaigh a shuiteáil), B.1.3.3 (Soláthar táirgí agus seirbhísí foirgníochta a chur chun cinn lena gcuirtear dlús le hathchóiriú foirgneamh), B.1.3.4 (Tacaíocht d'athchóiriú foirgneamh), D.1.4.3 (Printíseacht agus cúrsaí oiliúna), G.1.2.2 (Raon feidhme agus éagsúlacht na mbeart tacaíochta fostaíochta a mhéadú), H.1.1.2 (Tacaíocht d'athchóiriú foirgneamh (uas-scálaithe) agus H.1.2 (Tacaíocht chun feithiclí uisce intíre glana a cheannach). Ar an mbonn sin, d'iarr an Liotuáin go leasófaí na bearta agus na fobhearta sin. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(5) Mhínigh an Liotuáin go bhfuil beart/fobheart amháin leasaithe chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme chun a uaillmhian bhunaidh a bhaint amach. Baineann sé sin le fobheart E.1.3.2 (Tacú le taighde agus forbairt). Ar an mbonn sin, d'iarr an Liotuáin go leasófaí an beart/fobheart sin. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(6) Mhínigh an Liotuáin go bhfuil 17 mbeart nó fobheart leasaithe chun rogha mhalartach níos fearr a chur chun feidhme lenar féidir an t-ualach riaracháin a laghdú agus Cinneadh Cur Chun feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a shimpliú, agus cuspóirí na mbeart agus na bhfobheart sin á mbaint amach an tráth céanna. Baineann an méid sin le bearta agus fobhearta A.1.1.11 (Digiteáil na hearnála cúraim sláinte)), B.1.1.2 (Tacaíocht chun saoráidí stórála aonair a thógáil), B.1.2.2 (Tacaíocht chun feithiclí iompair phoiblí atá saor ó astaíochtaí a cheannach), B.1.2.4 (Tacaíocht don earnáil breoslaí in-athnuaite fuinnimh (gás bithmheatáin, bithbhreoslaí leachtacha den dara glúin le haghaidh iompair, agus hidrigin ghlas)), B.1.4 (Acmhainneacht ionsúcháin GCT a choinneáil agus a mhéadú), D.1.1.3 (Clár Scoil na Mílaoise), D.1.1.5 (Tacú le fáil trealaimh le haghaidh lárionaid STEAM agus saotharlanna soghluaiste), E.1.2.3 (Tacú leis an éiceachóras gnólachtaí nuathionscanta), E.1.3.3 (An eolaíocht agus an gnó a spreagadh chun páirt a ghlacadh i gclár taighde agus nuálaíochta an Aontais, Fís Eorpach, agus i gcláir chistiúcháin idirnáisiúnta eile), F.1.1.1 (Córas bainistíochta acmhainní daonna san earnáil phoiblí a nuachóiriú), F.1.4.4 (Cáiníocóirí a bheidh ann tuiscint a bheith acu ar an gcáin), F.1.6.1. (Uirlisí nua anailísíochta sonraí a thabhairt isteach i gCigireacht Chánach an Stáit), F.1.6.2. (Faireachán a dhéanamh ar cháilíocht sonraí Chigireacht Chánach an Stáit agus institiúidí eile), F.1.7.2. (Fréamhshamhail de gheata eFTI a thabhairt isteach), F.1.8 (Ionad ilfhreastail chun fíneálacha a íoc), G.1.2.1 (Próisis oibriúcháin na seirbhíse fostaíochta a bharrfheabhsú agus a fheabhsú, rud a áireoidh treoshuíomh córasach custaiméirí) agus H.1.1.1 (Pacáistí agus caighdeáin athchóirithe foirgneamh a thabhairt cothrom le dáta). Ar an mbonn sin, d’iarr an Liotuáin go leasófaí na bearta agus fobhearta sin. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(7) I gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241, tar éis an laghdaithe ar leibhéal cur chun feidhme ocht mbeart, d'iarr an Liotuáin úsáid a bhaint as na hacmhainní a saoradh leis an laghdú ar leibhéal a gcur chun feidhme chun leibhéal cur chun feidhme dhá bheart a mhéadú. Baineann an méid sin le fobhearta F.1.3.5 (Comhdhlúthú na n-institiúidí forbartha náisiúnta) agus H.1.3.2 (Tacaíocht chun gléasraí RES ar talamh a thógáil (grianfhuinneamh)). Ar an mbonn sin, d'iarr an Liotuáin go méadófaí leibhéal cur chun feidhme dhá fhobheart. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

*Ceartúcháin ar earráidí cléireachais*

(8) Sainaithníodh dhá earráid chléireachais i dtéacs an Chinnidh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021, lena ndéantar difear do bheart amháin agus fobheart amháin faoi dhá chomhchuid. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú chun na hearráidí cléireachais sin a cheartú, earráidí nach dtagann le hábhar an phlean téarnaimh agus athléimneachta a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin an 14 Bealtaine 2021, mar a comhaontaíodh idir an Coimisiún agus an Liotuáin. Baineann na hearráidí cléireachais sin le fobheart A.1.2.2 (Acmhainní daonna agus acmhainneacht bonneagair chun seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh a sholáthar)) agus fobheart C.1.1 (Rialachas teicneolaíochta faisnéise poiblí a chlaochlú) faoi chomhchodanna A agus C. Ní dhéanann na ceartúcháin sin difear do chur chun feidhme na mbeart agus na bhfobheart lena mbaineann..

*Measúnú an Choimisiúin*

(9) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

***Rannchuidiú le cuspóirí REPowerEU***

(10) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (da), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.12 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, meastar go rannchuideoidh an chaibidil REPowerEU go héifeachtach agus go mór (rátáil A) leis an tslándáil fuinnimh, le héagsúlú sholáthar fuinnimh an Aontais, le méadú ar ghlacadh foinsí in-athnuaite agus le héifeachtúlacht fuinnimh, le méadú ar acmhainneachtaí stórála fuinnimh nó leis an laghdú is gá ar an spleáchas ar bhreoslaí iontaise roimh 2030. Cé gur tháinig laghdú ar uaillmhian fhobhearta H.1.1.2 (Tacaíocht d'athchóiriú foirgneamh (uas-scálú)) agus H.1.2 (Tacaíocht chun feithiclí uisce intíre glana a cheannach), tháinig méadú ar uaillmhian H.1.3.2. (Tacaíocht chun gléasraí RES ar talamh a thógáil (grianfhuinneamh)) tar éis athshannadh na n-acmhainní lena mbaineann a cuireadh ar fáil. Níor tháinig aon athrú ar chostas iomlán measta na mbeart faoi REPowerEU, agus dá bhrí sin níor tháinig aon athrú ar an measúnú.

***Rannchuidiú leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht***

(11) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, tá bearta/fobhearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as sin. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide le méid arb é atá ann 37,2 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe agus 99,64 % de chostais mheasta iomlána na mbeart sa chaibidil REPowerEU, méid arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2021/241, tá an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide, 2021-2030.

(12) Tar éis na leasuithe atá beartaithe ag an Liotuáin a dhéanamh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta, tháinig laghdú ar an rannchuidiú le cuspóirí aeráide ó 38,2 % go 37,2 %. Léiríonn an laghdú ar an rannchuidiú le cuspóirí aeráide den chuid is mó an laghdú ar leibhéal cur chun feidhme bheart H.1.2 (Tacaíocht chun feithiclí uisce intíre glana a cheannach), a rannchuidíonn le cuspóirí aeráide ag 40 % i ndiaidh athdháileadh na n-acmhainní saortha comhfhreagracha.

***Rannchuidiú leis an aistriú digiteach***

(13) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) leis an aistriú digiteach nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí digiteacha le méid arb é atá ann 23,42 % de leithdháileadh iomlán an phlean leasaithe arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241.

(14) Tá laghdú tagtha ar an rannchuidiú le haistriú digiteach an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe ó 23,44 % go 23,42 %. Is é is cúis leis an laghdú sin den chuid is mó íos-scálú D.1.4.3 (Printíseacht agus cúrsaí oiliúna) agus G.1.2.2. (Raon feidhme agus éagsúlacht na mbeart tacaíochta fostaíochta a mhéadú, lena dtugtar rannchuidiú 40 % le haghaidh cuspóirí digiteacha.

*Costáil*

(15) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (i), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.9 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, an t-údar a thugtar sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe maidir le méid an chostais iomláin mheasta a bhaineann leis an bplean, tá an t-údar sin measartha (rátáil B) maidir lena réasúnta agus a inchreidte atá sé , tá sé i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

(16) De réir na faisnéise a cuireadh ar fáil, léirítear sa mheasúnú ar na meastacháin chostais do na bearta athbhreithnithe go bhfuil an chuid is mó de na costais réasúnta agus inchreidte cé go léiríonn an fhianaise go bhfuil na ríomhanna éagsúil ó thaobh leibhéal mionsonra agus doimhneachta de. Ina theannta sin, bhí údar cuí leis na hathruithe sna meastacháin chostais le haghaidh bearta leasaithe agus bhí siad comhréireach agus, dá bhrí sin, níor athraíodh réasúnaíocht, inchreidteacht, ná breisíocht maidir le cistiú ón Aontas i gcás inarb infheidhme, na meastachán costais sin i gcomparáid leis an bplean bunaidh. Ar deireadh, tá méid chostais iomlána mheasta an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

***Aon chritéar measúnaithe eile***

(17) Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a chuir an Liotuáin chun cinn difear don mheasúnú dearfach ar an bplean a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 i ndáil le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3), pointí (a), (b), (c), (d), (db), (g), (h), (j) agus (k), de Rialachán (AE) 2021/241.

*Measúnú dearfach*

(18) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe agus an toradh a bhí air, mar atá, go gcomhlíonann an plean téarnaimh agus athléimneachta go sásúil na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a chur chun feidhme a leagan amach, iad sin agus na clocha míle, spriocanna agus táscairí ábhartha, agus an méid a chuireann an tAontas ar fáil le haghaidh chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe.

*Rannchuidiú airgeadais*

(19) Is é EUR 3 849 237 823 costais iomlána mheasta phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Liotuáine. Ós rud é go bhfuil méid chostas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe atá ar fáil don Liotuáin, an ranníocaíocht airgeadais arna suí i gcomhréir le hAirteagal 4a de Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7], agus le hAirteagal 20(4) agus Airteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241 arna leithdháileadh ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Liotuáine, ba cheart gurb é EUR 2 297 565 464 an méid sin. Dá bhrí sin, níl aon athrú ar an ranníocaíocht airgeadais a cuireadh ar fáil don Liotuáin.

---

[7] Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear Cúlchiste Coigeartaithe Brexit (IO L 357, 8.10.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1755/oj).

(20) Ba cheart méid na ranníocaíochta airgeadais don Liotuáin a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 20 de Rialachán (AE) 2021/241. Mar sin féin, de bhun Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2024 maidir le laghdú ar mhéid na chéad tráthchoda den tacaíocht neamh-inaisíoctha don Liotuáin, a glacadh i gcomhréir le hAirteagal 24(8) de Rialachán (AE) 2021/241, laghdaíodh an ranníocaíocht airgeadais faoi EUR 8 733 750 agus ní féidir leis an Liotuáin an íocaíocht amach an laghdaithe a iarraidh ar an gCoimisiún.

***Iasachtaí***

(21) Níl aon athrú ar an tacaíocht iasachta a cuireadh ar fáil don Liotuáin dar luach EUR 1 551 672 358.

(22) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir sin. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 sin a ionadú go hiomlán.

(23) Tá an Cinneadh seo gan dochar do thoradh aon nós imeachta a bhaineann le cistí ón Aontas a dhámhachtain faoi aon chlár de chuid an Aontais seachas an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta nó do nósanna imeachta a bhaineann le saobhadh ar oibriú an mhargaidh inmheánaigh a fhéadfar a ghabháil ar láimh, go háirithe faoi Airteagail 107 agus 108 den Chonradh. Ní sháraítear leis an ceanglas atá ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi Airteagal 108 den Chonradh faoi chásanna státchabhrach a d'fhéadfadh a bheith ann,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*Formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe*

Formheastar an measúnú ar phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Liotuáine a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

*Airteagal 2*

*Leasuithe*

Cuirtear an téacs atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Liotuáine.

*Airteagal 3*

*Seolaí*

Dírítear an Cinneadh seo chuig Poblacht na Liotuáine.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*